2025/1144

4.6.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1144 ÓN gCOIMISIÚN

an 3 Meitheamh 2025

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 a mhéid a bhaineann le liosta na n-aeriompróirí a bhfuil toirmeasc ar a n-oibriú nó atá faoi réir srianta oibríochtúla laistigh den Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2005 maidir le liosta Comhphobail d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal a bhunú agus maidir le paisinéirí aeriompair a chur ar an eolas faoi chéannacht an iompróra oibriúcháin, agus lena n-aisghairtear Airteagal 9 de Threoir 2004/36/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 ón gCoimisiún ([2]), bunaítear liosta na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas.

(2) De bhun Airteagal 4(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, chuir Ballstáit áirithe agus Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh ('an Ghníomhaireacht') faisnéis in iúl don Choimisiún atá ábhartha maidir leis an liosta sin a thabhairt cothrom le dáta. Sholáthair tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta faisnéis ábhartha freisin. Ar bhonn na faisnéise a cuireadh ar fáil, ba cheart an liosta a thabhairt cothrom le dáta.

(3) Chuir an Coimisiún na haeriompróirí uile lena mbaineann ar an eolas, go díreach nó trí na húdaráis atá freagrach as a bhformhaoirseacht rialála, faoi na fíorais agus na breithnithe fíor-riachtanacha a bheadh mar bhunús le cinneadh toirmeasc a chur ar a n-oibriú laistigh den Aontas nó na coinníollacha a mhodhnú maidir le toirmeasc ar oibriú arna fhorchur ar aeriompróir atá ar an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinní A nó B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006.

(4) Thug an Coimisiún an deis do na haeriompróirí lena mbaineann an doiciméadacht ábhartha uile a cheadú, barúlacha i scríbhinn a chur isteach agus cur i láthair ó bhéal a dhéanamh os comhair an Choimisiúin agus Choiste Aersháblháilteachta an Aontais.

(5) Faoi chuimsiú Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/660 ón gCoimisiún ([3]), chuir an Coimisiún Coiste Aersháblháilteachta an Aontais ar an eolas faoi na comhairliúcháin leanúnacha le húdaráis inniúla agus aeriompróirí na hAirméine, na Cirgeastáine, na Libia, Shuranam, agus na Tansáine. Chuir an Coimisiún Coiste Aersháblháilteachta an Aontais ar an eolas freisin faoin staid sábháilteachta eitlíochta in Angóla, san Éigipt, sa Chasacstáin, sa Chéinia, i Neipeal, sa Phacastáin agus i Siarra Leon.

([1]) IO L 344, 27.12.2005, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/2111/oj.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 ón gCoimisiún an 22 Márta 2006 lena mbunaítear an liosta Comhphobail d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 84, 23.3.2006, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/474/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/660 ón gCoimisiún an 2 Nollaig 2022 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe le haghaidh an liosta d'aeriompróirí a bhfuil toirmeasc ar a n-oibriú nó ata faoi réir srianta oibríochtúla laistigh den Aontas dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 473/2006 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh an liosta Comhphobail d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 83, 22.3.2023, lch. 47, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/660/oj).

(6) Chuir an Ghníomhaireacht an Coimisiún agus Coiste Aersháibháilteachta an Aontais ar an eolas faoi na measúnuithe teicniúla a rinneadh le haghaidh na meastóireachta tosaigh agus an fhaireacháin leanúnaigh ar údaruithe Oibreora Tríú Tír ('TCO'), arna n-eisiúint de bhun Rialachán (AE) Uimh. 452/2014 ón gCoimisiún ([4]).

(7) Chuir an Ghníomhaireacht an Coimisiún agus Coiste Aersháibháilteachta an Aontais ar an eolas freisin faoi thorthaí na hanailíse ar chigireachtaí rampa a rinneadh faoin gclár um Measúnú Sábháilteachta ar Aerárthaí Eachtracha ('SAFA'), i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún ([5]).

(8) Chomh maith leis sin, chuir an Ghníomhaireacht an Coimisiún agus Coiste Aersháibháilteachta an Aontais ar an eolas faoi na tionscadail cúnaimh theicniúil a rinneadh i dtríú tíortha a ndearna toirmeasc ar a n-oibriú de bhun Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 difear dóibh. Thairis sin, sholáthair an Ghníomhaireacht faisnéis faoi na pleananna agus na hiarrataí maidir le tuilleadh cúnamh teicniúil agus comhair chun feabhas a chur ar acmhainneacht riaracháin agus theicniúil na n-údarás eitlíochta sibhialta i dtríú tíortha d'fhonn cuidiú leo a áirithiú go gcomhlíontar na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta is infheidhme don eitlíocht shibhialta. Iarradh ar na Ballstáit freagairt do na hiarrataí sin ar bhonn déthaobhach i gcomhar leis an gCoimisiún agus leis an nGníomhaireacht. I ndáil leis sin, d'athdhearbhaigh an Coimisiún a úsáidí atá sé faisnéis a sholáthar don chomhphobal eitlíochta idirnáisiúnta, go háirithe trí uirlis na Comhpháirtíochta um Chúnamh maidir le Sábháilteacht Eitlíochta a Chur Chun Feidhme, ar uirlis de chuid na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta ('EESI') í, faoin gcúnamh teicniúil a sholáthraíonn an tAontas agus na Ballstáit do thríú tíortha chun feabhas a chur ar shábháilteacht eitlíochta ar fud an domhain.

(9) Thug Eurocontrol an t-eolas ba dhéanaí don Choimisiún agus do Choiste Aersháibháilteachta an Aontais maidir le stádas fheidhmeanna aláraim SAFA agus TCO, lena n-áirítear staidreamh faoi theachtaireachtaí foláirimh maidir le haeriompróirí a bhfuil toirmeasc orthu.

Aeriompróirí an Aontais

(10) Tar éis don Ghníomhaireacht anailís a dhéanamh ar fhaisnéis a d'eascair as cigireachtaí rampa a rinneadh ar aerárthaí aeriompróirí de chuid an Aontais, maille le faisnéis a d'eascair as cigireachtaí caighdeánaithe a rinne an Ghníomhaireacht, arna comhlánú le faisnéis a d'eascair as cigireachtaí agus iniúchtaí sonracha a rinne údaráis náisiúnta eitlíochta, rinne na Ballstáit agus an Ghníomhaireacht, ag feidhmiú dóibh mar údaráis inniúla, bearta áirithe ceartaitheacha agus forfheidhmithe agus chuir siad an Coimisiún agus Coiste Aersháibháilteachta an Aontais ar an eolas faoi na bearta sin.

(11) D'athdhearbhaigh na Ballstáit agus an Ghníomhaireacht, ag feidhmiú dóibh mar údaráis inniúla, go bhfuil siad réidh le gníomhú de réir mar is gá i gcás ina léireoidh an fhaisnéis ábhartha sábháilteachta go bhfuil gar-rioscaí sábháilteachta ann mar thoradh ar neamhchomhlíonadh na gcaighdeán ábhartha sábháilteachta ag aeriompróirí de chuid an Aontais.

Aeriompróirí ón Airméin

(12) I mí an Mheithimh 2020, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/736 ón gCoimisiún, áiríodh na haeriompróirí uile atá deimhnithe san Airméin in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 ([6]).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 452/2014 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2014 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir oibreora tríú tír de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 133, 6.5.2014, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/452/oj).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/965/oj).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/736 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 a mhéid a bhaineann leis an liosta d'aeriompróirí a bhfuil toirmeasc ar a n-oibriú nó atá faoi réir srianta oibríochtúla laistigh den Aontas (IO L 172, 3.6.2020, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/736/oj).

(13) An 9 Aibreán 2025, mar chuid dá ghníomhaíochtaí faireacháin leanúnaigh maidir leis an staid sábháilteachta fhoriomlán san Airméin, lena n-áirítear acmhainneacht agus cumais maoirseachta aersháblháilteachta Choiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine ('CAC'), tionóladh cruinniú teicniúil ina raibh an Coimisiún, an Ghníomhaireacht, na Ballstáit agus CAC rannpháirteach. Le linn an chruinnithe, chuir an Coimisiún CAC ar an eolas faoi thorthaí a mheasúnaithe ar an bPlean Gníomhaíochta Ceartaithí ('PGC') a cuireadh isteach i mí na Nollag 2024. D'ullmhaigh CAC an PGC mar fhreagairt ar na barúlacha ón gcuairt mheasúnúcháin de chuid an Aontais ar an láthair san Airméin in 2020.

(14) Tá an PGC a chuir CAC isteach cuimsitheach agus mionsonraithe agus léiríonn sé iarracht shoiléir chun maoirseacht aersháblháilteachta náisiúnta a ailíniú le hionchais rialála an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar na barúlacha ó chuairt mheasúnúcháin 2020 de chuid an Aontais ar an láthair. Áirítear ar na forbairtí dearfacha glacadh foirmiúil roinnt rialachán náisiúnta i gcomhréir le ceanglais an Aontais, céimeanna i dtreo prionsabail formhaoirseachta rioscabhunaithe a chur chun feidhme, agus feabhas a chur ar dhoiciméadacht oiliúna agus ar thaifid do chigirí.

(15) Cé go gcuirtear cur chuige cuimsitheach i láthair in PGC chun déileáil leis na barúlacha a sainaithníodh, is cosúil go bhfuil roinnt saincheisteanna fós gan réiteach nó nach dtacaíonn fianaise go leordhóthanach leo, amhail easpa aicmiú na dtorthaí, cruthúnas neamhleor ar phleananna formhaoirseachta a chur chun feidhme, agus easnaimh maidir le rialú doiciméadachta agus aistriúchán. Thairis sin, tá neamhréireachtaí fós ann maidir le cáilíocht agus iomláine na doiciméadachta oiliúna, na nósanna imeachta ceadúnaithe agus na sásraí formhaoirseachta, ar gá measúnú a dhéanamh orthu trí mheastóireachtaí breise ar an láthair sular féidir cinneadh críochnaitheach a dhéanamh maidir le leormhaitheas PGC.

(16) I bhfianaise na n-easnamh atá fós ann agus an ghá atá le measúnú níos críochnúla a dhéanamh ar an gcur chun feidhme ar an láthair, measann an Coimisiún nach mbeadh soiléireacht bhreise leordhóthanach ann le tuilleadh cianmheastóireachta ar an staid sábháilteachta san Airméin. Dá bhrí sin, tá cuairt mheasúnúcháin de chuid an Aontais ar an láthair beartaithe don tríú ráithe de 2025. Beidh sé d'aidhm ag an gcuairt sin cur i bhfeidhm éifeachtach na mbeart ceartaitheach a chuir CAC isteach a fhíorú, lena n-áirítear iad siúd a pléadh le linn na malartuithe in 2024 agus 2025.

(17) I gcomhréir leis na critéir chomhchoiteanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, measann an Coimisiún ag an bpointe seo nach bhfuil aon fhoras le leasú a dhéanamh ar an liosta d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas a mhéid a bhaineann le haeriompróirí atá deimhnithe san Airméin.

(18) Ba cheart do na Ballstáit leanúint d'fhíorú go bhfuil na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha á gcomhlíonadh go héifeachtach ag aeriompróirí atá deimhnithe san Airméin trí thosaíocht a thabhairt do na cigireachtaí rampa ar na haeriompróirí sin, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 965/2012.

Aeriompróirí ón Iaráic

(19) I mí na Nollag 2015 agus i mí na Samhna 2023, áiríodh na haeriompróirí Iraqi Airways agus Fly Baghdad in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2322 ón gCoimisiún ([7]) agus Rialachán (AE) 2023/2691 ([8]), faoi seach.

(20) An 23 Aibreán 2025, mar chuid de ghníomhaíochtaí faireacháin leanúnaigh an Choimisiúin maidir leis an staid sábháilteachta fhoriomlán san Iaráic, lena n-áirítear acmhainneacht agus cumais maoirseachta aersháblháilteachta Údarás Eitlíochta Sibhialta na hIaráice ('ICAA'), tionóladh cruinniú teicniúil ina raibh an Coimisiún, an Ghníomhaireacht, na Ballstáit agus ICAA rannpháirteach. Le linn an chruinnithe, chuir ICAA an t-eolas ba dhéanaí i láthair maidir lena iarrachtaí feabhas a chur ar a chreat reachtach agus rialála, chomh maith lena fheidhmíocht formhaoirseachta.

(21) Thug ICAA cur i láthair mionsonraithe maidir lena iarrachtaí leanúnacha feabhas a chur ar mhaoirseacht aersháblháilteachta trí leasuithe reachtacha, forbairt rialála, tionscnaimh fothaithe acmhainneachta, agus athchóirithe institiúideacha. Cé go n-aithnítear na hiarrachtaí sin mar chéimeanna tábhachtacha, tá siad fós ag céimeanna luatha den chur chun feidhme. Tá ábhair imní nach beag fós ann maidir le tráthúlacht na mbeart sin, comhsheasmhacht agus cáilíocht na n-aschur rialála, agus a n-ailíniú le caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta.

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2322 ón gCoimisiún an 10 Nollaig 2015 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 lena mbunaítear an liosta Comhphobail d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal (IO L 328, 12.12.2015, lch. 67, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2322/oj).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2691 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2023 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 a mhéid a bhaineann le liosta d'aeriompróirí a bhfuil toirmeasc ar a n-oibriú nó atá faoi réir srianta oibríochtúla laistigh den Aontas (IO L, 2023/2691, 30.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2691/oj).

(22) Tá roinnt dul chun cinn déanta, is é sin i réimsí amhail pearsanra a earcú, tionscnaimh oiliúna, agus dréachtú rialachán eitlíochta náisiúnta a tugadh cothrom le dáta. Tá athchóirithe criticiúla, amhail príomhdhlí eitlíochta athbhreithnithe a ghlacadh agus an córas maoirseachta aersháhailteachta a neartú, fós neamhiomlán nó níl torthaí infhíoraithe acu.

(23) Dá bhrí sin, aithníodh go comhpháirteach go mbeadh sé róluath agus go bhféadfadh sé a bheith fritorthúil cuairt mheasúnúcháin de chuid an Aontais ar an láthair a thabhairt i mí Mheán Fómhair 2025, mar a pléadh roimhe seo, i bhfianaise an ghá atá le tuilleadh dul chun cinn inláimhsithe agus inléirithe a dhéanamh ar fud phríomhréimsí chóras maoirseachta aersháhailteachta na hIaráice.

(24) I gcomhréir leis na critéir chomhchoiteanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, measann an Coimisiún ag an bpointe seo nach bhfuil aon fhoras le leasú a dhéanamh ar liosta na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas a mhéid a bhaineann le haeriompróirí ón Iaráic.

(25) Ba cheart do na Ballstáit leanúint d'fhíorú go bhfuil na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha á gcomhlíonadh go héifeachtach ag aeriompróirí atá deimhnithe san Iaráic trí thosaíocht a thabhairt do na cigireachtaí rampa ar na haeriompróirí uile sin, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 965/2012.

(26) Ba cheart don Choimisiún gníomhaíocht bhreise a dhéanamh de réir mar is gá, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, má léiríonn aon fhaisnéis ábhartha sábháilteachta go bhfuil gar-rioscaí sábháilteachta ann mar thoradh ar neamhchomhlíonadh na gcaighdeán sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha.

Aeriompróirí ón gCirgeastáin

(27) I mí Dheireadh Fómhair 2006, áiríodh aeriompróirí atá deimhnithe sa Chirgeastáin in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 le Rialachán (CE) Uimh. 1543/2006 ón gCoimisiún ([9]).

(28) I gcomhthéacs malartuithe leanúnacha, mar thoradh ar theagmhálacha athnuaite idir an Coimisiún agus Gníomhaireacht Eitlíochta Sibhialta an Stáit ('SCAA') faoi Chomh-Aireacht Airí Phoblacht na Cirgise ó bhí 2023 ann, sheol an Coimisiún tionscnamh um chúnamh teicniúil, arna chur chun feidhme ag an nGníomhaireacht, faoi chuimsiú Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005. Is é is aidhm don tionscnamh sin tacú le hiarrachtaí SCAA feabhas a chur ar a acmhainneacht formhaoirseachta.

(29) Mar chuid den tionscnamh sin, rinneadh gníomhaíocht chianda amháin agus misean amháin ar an láthair cheana féin. Thug an misean ar an láthair deis faisnéis phearsanta a bhailiú faoin gcaoi a gcuireann SCAA caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta chun feidhme. Thug sé deis freisin ionsamhlú a dhéanamh ar chuairt mheasúnúcháin de chuid an Aontais ar an láthair. Thug an t-ionsamhlú léargas luachmhar ar chreat eagraíochtúil agus rialála SCAA, agus cinneadh gur cosúil go bhfuil struchtúr foriomlán SCAA leordhóthanach dá mhéid agus dá fhreagrachtaí, cé gur cheart feabhas a chur ar a éifeachtacht oibríochtúil. Tá gá le tuilleadh forbartha agus comhsheasmhachta maidir leis an lámhleabhar bainistíochta, cé go bhfuil sé formheasta, agus tá gá leis an bhfreagracht as imscrúdú a dhéanamh ar theagmhais thromchúiseacha a chinneadh go leordhóthanach fós.

(30) Leis an ionsamhlú, bhíothas in ann freisin bearnaí a shainaithint i dtrasuí Chaighdeáin Idirnáisiúnta agus Chleachtais Mholta EESI, go háirithe in Iarscríbhinní EESI 1, 6, 8, 18 agus 19, rud a chuireann bac ar ailíniú iomlán le caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta. D'aithin SCAA na bearnaí sin agus thionscain sé céimeanna chun an reachtaíocht ábhartha a leasú, agus comhairliúchán idir-aireachta á dhéanamh ar roinnt dréachtleasuithe. Thairis sin, tá bearta déanta ag SCAA chun tuairisciú ar tharlú slándála a neartú, chomh maith le hoiliúint foirne trí chomhpháirtíochtaí le heagraíochtaí oiliúna idirnáisiúnta. Tá sé fíor-riachtanach leanúint d'iarrachtaí a dhéanamh sna réimsí sin chun feabhas a chur ar mhaoirseacht aersháhailteachta sa Chirgeastáin a thuilleadh.

([9]) Rialachán (CE) Uimh. 1543/2006 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2006 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 lena mbunaítear an liosta Comhphobail d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal, dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 910/2006 (IO L 283, 14.10.2006, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1543/oj).

(31) An 2 Bealtaine 2025, mar chuid de ghníomhaíochtaí faireacháin leanúnaigh an Choimisiúin maidir leis an staid sábháilteachta fhoriomlán sa Chirgeastáin, lena n-áirítear acmhainneacht agus cumais maoirseachta aersháblúilteachta SCAA, tionóladh cruinniú teicniúil ina raibh an Coimisiún, an Ghníomhaireacht, na Ballstáit agus SCAA rannpháirteach. Le linn an chruinnithe sin, thug SCAA cur i láthair mionsonraithe inar leagadh amach a thionscnaimh leanúnacha feabhas a chur ar mhaoirseacht aersháblúilteachta, lena n-áirítear leasuithe reachtacha, forbairt rialála, bearta fothaithe acmhainneachta, agus athchóirithe institiúideacha.

(32) Thug SCAA tuairisc freisin ar a struchtúr eagraíochtúil agus ar a leibhéil foirne, lena n-áirítear córas ríofa lucht saothair a fhorbairt a bhfuil nasc díreach aige le riachtanais oiliúna aonair.

(33) Chuir SCAA i láthair freisin an dul chun cinn a rinneadh maidir lena rialacháin a ailíniú le caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta agus lena gcur chun feidhme ar fud na bpríomhréimsí formhaoirseachta. Thairis sin, cuireadh i dtábhacht an obair leanúnach atá á déanamh chun feabhas a chur ar phróisis deimhniúcháin agus ar shásraí forfheidhmiúcháin.

(34) Chomhroinn SCAA plean gníomhaíochta cuimsitheach arb é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar bhearnaí rialála sainaitheanta agus tacú le córas eitlíochta sibhialta sábháilte a fhorbairt a chomhlíonann caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta.

(35) Faoi láthair, níl dóthain fianaise réasúnaithe ann áfach chun a dheimhniú gur réitigh SCAA go héifeachtach na heasnaimh shábháilteachta uile as ar eascair an toirmeasc ar oibriú a fhorchuirtear le Rialachán (CE) Uimh. 1543/2006.

(36) I gcomhréir leis na critéir chomhchoiteanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, measann an Coimisiún ag an bpointe seo nach bhfuil aon fhoras le leasú a dhéanamh ar an liosta d'aeriompróirí a bhfuil atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas a mhéid a bhaineann le haeriompróirí atá deimhnithe sa Chirgeastáin.

(37) Ba cheart do na Ballstáit leanúint d'fhíorú go bhfuil na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha á gcomhlíonadh go héifeachtach ag aeriompróirí atá deimhnithe sa Chirgeastáin trí thosaíocht a thabhairt do na cigireachtaí rampa ar na haeriompróirí sin, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 965/2012.

Aeriompróirí ón Libia

(38) I mí na Nollag 2014, áiríodh aeriompróirí ón Libia in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1318/2014 ón gCoimisiún ([10]).

(39) An 25 Márta 2025, mar chuid de ghníomhaíochtaí faireacháin leanúnaigh an Choimisiúin maidir leis an staid sábháilteachta fhoriomlán sa Libia, lena n-áirítear acmhainneacht agus cumais maoirseachta aersháblúilteachta Údarás Eitlíochta Sibhialta na Libia ('LYCAA'), tionóladh cruinniú teicniúil ina raibh an Coimisiún, an Ghníomhaireacht, na Ballstáit agus LYCAA rannpháirteach.

(40) Chuir an Coimisiún i láthair toradh a mheasúnaithe ar an bhfaisnéis a chuir LYCAA isteach le linn 2023 agus 2024. Leis an measúnú, sainaithníodh easnaimh mhóra, go háirithe maidir le leibhéil foirne, comhsheasmhacht oiliúna comhfhreagraí, agus gníomhaíochtaí formhaoirseachta a chur chun feidhme go héifeachtach. Cuireadh i dtábhacht freisin an easpa príomhdhoiciméadachta a d'iarr an Coimisiún. Thángthas ar an gconclúid sa mheasúnú go bhfuil gá le tuilleadh feabhsuithe substaintiúla ar chreat rialála LYCAA agus ar a acmhainneacht formhaoirseachta araon. Le linn an chruinnithe, d'athdhearbhaigh an Coimisiún a ionchais maidir le cineál agus cáilíocht na ndoiciméad agus na sonraí is gá chun measúnú leormhaith ar chóras maoirseachta aersháblúilteachta na Libia a áirithiú.

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 1318/2014 ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2014 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 lena mbunaítear an liosta Comhphobail d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal (IO L 355, 12.12.2014, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/1318/oj).

(41) Thug LYCAA an t-eolas ba dhéanaí maidir le tionscnaimh riaracháin agus theicniúla arb é is aidhm dóibh maoirseacht aershábháilteachta a neartú. Áiríodh leis na tionscnaimh athbhreithnithe ar reachtaíocht agus rialacháin eitlíochta, minicíocht mhéadaithe cigireachtaí agus córais dhigiteacha formhaoirseachta a thabhairt isteach. Bhí cur i láthair an Lárionaid Formhaoirseachta Chomhtháite, ar ardán digiteach é a dearadh chun feabhas a chur ar fhaireachán agus ar bhainistiú sonraí sábháilteachta eitlíochta, ina ghné lárnach de na hiarrachtaí sin. Tá sé beartaithe leis an ardán digiteach tacú le comhlíonadh rialála agus feabhas a chur ar rochtain ar fhaisnéis agus doiciméadacht sábháilteachta ábhartha.

(42) Maidir leis an bhfaisnéis agus na hábhair ghaolmhara a chuir LYCAA i láthair mar léiriú ar an Lárionad Formhaoirseachta Comhtháite, lena n-áirítear lámhleabhair agus seicliostaí a úsáidtear i bpróisis deimhniúcháin agus formhaoirseachta, bhí siad bunaithe ar rialacháin de chuid an Aontais agus cuireadh in oiriúint don chomhthéacs náisiúnta iad. Chuir LYCAA torthaí iniúchóireachta roghnaithe ón bpróiseas athdheimhniúcháin i láthair freisin, chomh maith le sonraí ón Lárionad Formhaoirseachta Comhtháite a bhí á dtaispeáint i bhformáid shoiléir struchtúrtha.

(43) Mar sin féin, tugadh faoi deara nár comhroinneadh an doiciméadacht sin leis an gCoimisiún i malartuithe roimhe seo le linn 2023 agus 2024, d'ainneoin iarrataí foirmiúla iomadúla. Thairis sin, tugadh faoi deara go mbraitheann éifeachtacht fhadtéarmach an Lárionaid Formhaoirseachta Chomhtháite ar chomhsheasmhacht agus ar cháilíocht a chur i bhfeidhm.

(44) Chuir LYCAA an Coimisiún ar an eolas freisin faoin bpróiseas athdheimhniúcháin leanúnach le haghaidh aeriompróirí uile na Libia, lena gcumhdaítear an tréimhse ó mhí na Samhna 2023 go dtí mí na Samhna 2024. Thuairiscigh LYCAA go ndearnadh os cionn 100 misean iniúchóireachta le linn na tréimhse sin. Mar sin féin, níor tugadh dóthain mionsonraí maidir le torthaí na n-iniúchtaí sin, lena n-áirítear na torthaí sonracha agus aon ghníomhaíocht cheartaitheach chomhfhreagrach. Comhaontaíodh go gcuirfidh LYCAA an fhaisnéis agus na doiciméid ábhartha ar fáil a luaithe is féidir.

(45) Faoi láthair, níl dóthain fianaise réasúnaithe ann áfach chun a dheimhniú gur réitigh LYCAA go héifeachtach na heasnaimh shábháilteachta uile as ar eascair an toirmeasc ar oibriú a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1318/2014.

(46) I gcomhréir leis na critéir chomhchoiteanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, measann an Coimisiún ag an bpointe seo nach bhfuil aon fhoras le leasú a dhéanamh ar an liosta d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas a mhéid a bhaineann le haeriompróirí atá deimhnithe sa Libia.

(47) Ba cheart do na Ballstáit leanúint d'fhíorú go bhfuil na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha á gcomhlíonadh go héifeachtach ag aeriompróirí atá deimhnithe sa Libia trí thosaíocht a thabhairt do na cigireachtaí rampa ar na haeriompróirí sin, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 965/2012.

Aeriompróirí ó Shuranam

(48) I mí Iúil 2010, áiríodh Blue Wing Airlines in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 le Rialachán (AE) 590/2010 ón gCoimisiún ([11]).

(49) Mar thoradh ar an bplé a rinne Coiste Aershábháilteachta an Aontais Eorpaigh i mí na Samhna 2024, thug saineolaithe ón gCoimisiún, ón nGníomhaireacht agus ó na Ballstáit cuairt mheasúnúcháin de chuid an Aontais ar an láthair i Suranam ón 24 go dtí an 28 Feabhra 2025 ag Údarás Eitlíochta Sibhialta Shuranam ('CASAS'). Mar chuid den chuairt ar an láthair, rinneadh measúnú samplach ar thrí aeriompróir atá deimhnithe ag CASAS, is é sin Blue Wing Airlines, Fly All Ways, agus Gum Air.

(50) Díríodh gníomhaíochtaí na cuairte measúnúcháin de chuid an Aontais ar an láthair ar CASAS i bhfianaise a róil agus a fhreagrachta as maoirseacht aershábháilteachta na n-aeriompróirí atá deimhnithe i Suranam. Leis an gcuairt mheasúnúcháin, sainaithníodh easnaimh mhóra sa chóras rialála eitlíochta sibhialta maidir le comhlíonadh caighdeán sábháilteachta idirnáisiúnta, ar easnaimh iad a chuireann bac ar mhaoirseacht aershábháilteachta éifeachtach.

([11]) Rialachán (AE) Uimh. 590/2010 ón gCoimisiún an 5 Iúil 2010 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 lena mbunaítear an liosta Comhphobail d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal (IO L 170, 6.7.2010, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/590/oj).

(51) Níor leasaíodh Príomh-Acht Eitlíochta Shuranam ó achtaíodh é in 2002. Dá bhrí sin, tá na fadhbanna a shainaithin EESI cheana in 2009 fós ann, is é sin easpa cumhachtaithe fhoireann cigireachta CASAS chun rochtain a fháil ar shaoráidí agus ar dhoiciméadacht, agus an easpa deighilte idir imscrúduithe breithiúnacha agus sábháilteachta ar thionóiscí eitlíochta agus ar theagmhais thromchúiseacha, a bhfuil easpa cosanta do thuairisceoirí maidir le tarluithe slándála mar bhonn faoin gceann deiridh.

(52) Tugadh an chuid is mó de na rialacháin náisiúnta eitlíochta sibhialta cothrom le dáta in 2023 chun iad a ailíniú le leasuithe EESI is déanaí. Mar sin féin, níor tugadh lámhleabhair, treoracha, seicliostaí ná na nósanna imeachta oibre eile uile CASAS chun an fhormhaoirseacht a dhéanamh cothrom le dáta dá réir. Tá tionchar diúltach aige sin ar chomhlíonadh na reachtaíochta náisiúnta agus, dá bhrí sin, ar chomhlíonadh caighdeán sábháilteachta idirnáisiúnta freisin.

(53) Le linn na cuairte, deimhníodh go bhfuil laige shistéamach ag CASAS ó thaobh bainistiú acmhainní de, is é sin easpa nósanna imeachta agus modheolaíochta chun riachtanais foirne a chinneadh, oiliúint tosaigh neamhéifeachtach d'fhoireann cigireachta, agus gan oiliúint thréimhsiúil de dheasca easpa buiséid. Dá bhrí sin, fuarthas nach raibh dóthain foirne ag ranna CASAS ar tugadh cuairt orthu agus ní raibh a bhfoireann cigireachta láncháilithe.

(54) Leis an gcuairt mheasúnúcháin de chuid an Aontais ar an láthair, léiríodh freisin go bhfuil easnaimh chriticiúla ag CASAS maidir leis an gcaoi a ndéantar an mhaoirseacht aersháibháilteachta, lena n-áirítear torthaí a chur i gcrích gan anailís ar an mbunchúis agus iad a fhágáil ar oscailt ar feadh tréimhse iomarcach ama gan gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanamh. Dá bhrí sin, déantar neamh-chomhréireachtaí tromchúiseacha arís agus arís eile.

(55) Thairis sin, is léir ón gcuairt mheasúnúcháin de chuid an Aontais ar an láthair nach bhfuil an fheidhm bainistíochta cáilíochta is gá ag CASAS chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a tugadh faoi deara maidir leis an gcóras rialaithe doiciméad, coimeád taifead, bainistiú torthaí agus an leibhéal grinnscrúdaithe, agus gan bheith teoranta do na réimsí sin amháin.

(56) Níl feidhm bainistíochta sábháilteachta in CASAS chun déileáil go réamhghníomhach le rioscaí sábháilteachta atá ann faoi láthair nó atá ag teacht chun cinn ná níl córas tuairiscithe sainordaitheach feidhmiúil ann chun gur féidir le CASAS limistéir ardriosca a shainaithint inar gá dó a fhormhaoirseacht a mhéadú.

(57) Tugadh ábhair imní criticiúla faoi deara maidir le hOibríochtaí Eitilte agus ranna Aeracmhainneachta CASAS. Áirítear ar na hábhair imní sin neamhábaltacht CASAS a phleananna formhaoirseachta a chomhlíonadh laistigh den am is gá, agus neamhábaltacht raon feidhme na n-iniúchtaí arna ndéanamh a bhaint amach go hiomlán. Fuarthas fianaise lena bhfianaítear leibhéal neamhleor grinnscrúdaithe ar chomhaid theicniúla a scrúdú sular eisíodh deimhnithe agus níor shainaithin na haeriompróirí aon mhainneachtain maidir le caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha a chomhlíonadh.

(58) Is dhá thoisc bhunúsacha iad an easpa cistithe struchtúraigh agus an easpa gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin ag CASAS, ar tosca iad a chuireann bac mór ar chumas CASAS formhaoirseacht éifeachtach a dhéanamh, iniúchtaí cuimsitheacha a dhéanamh, agus freagairt go réamhghníomhach do rioscaí sábháilteachta atá ann faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn, mar is léir ó na heasnaimh a tugadh faoi deara le linn na gcuairteanna ar na haeriompróirí.

(59) Leis an gcuairt mheasúnúcháin de chuid an Aontais ar an láthair ar na trí aeriompróir, Blue Wing Airlines, Gum Air agus Fly All Ways an 25, an 26 agus an 27 Feabhra 2025 faoi seach, léiríodh go raibh na heasnaimh chriticiúla chéanna nó easnaimh chriticiúla chomhchosúla ag na trí aeroibreoir uile, agus go raibh iarmhairtí díreacha ann maidir le sábháilteacht eitilte agus comhlíonadh rialála. Áiríodh leis sin, gan a bheith teoranta dóibh, Córas Bainistíochta Sábháilteachta feidhmiúil ('CBS') agus Córas Bainistíochta Cáilíochta ('CBC') a bheith in easnamh. Maidir leis an meastóireacht ar na hoibríochtaí eitilte faoi seach, bhí fianaise ann go raibh na neamh-chomhréireachtaí tromchúiseacha céanna le feiceáil i ngach ceann díobh, agus d'ainneoin gur ardaigh CASAS torthaí ina leith sin, leanadh de na hoibríochtaí gan aon srian ó CASAS nó ó na haeriompróirí féin.

(60) Thairis sin, léiríodh leis an gcuairt ar na trí roinn aeracmhainneachta faoi seach go leor fadhbanna tromchúiseacha amhail easpa oiliúna an phearsanra maidir le comhlíonadh a ndualgas, páirteanna neamhfhóinteacha nach bhfuil leithscartha i gceart agus nach gcoinnítear sa limistéar coraintín, uirlisí calabraithe ag a bhfuil deimhnithe calabrúcháin atá imithe in éag agus uirlisí neamhaitheanta. Shainaithin CASAS na fadhbanna sin uile arís agus arís eile thar na blianta gan torthaí suntasacha.

(61) Leis an gcuairt ar Fly All Ways, léiríodh nach bhfuil aon chlár maidir le Faireachán ar Shonraí Eitilte curtha chun feidhme, mar a cheanglaítear le caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta le haghaidh na catagóire aerárthaigh a úsáideann an t-aeriompróir sin.

(62) Thug líon agus cineál na n-easnamh a sainaithníodh le linn na cuairte mheasúnúcháin de chuid an Aontais ar an láthair ar na trí aeriompróir laigí sistéamacha le fios ó thaobh chórais bhainistíochta na n-aeriompróirí de agus ó thaobh chumas CASAS maoirseacht aersháibháilteachta éifeachtach a áirithiú. Thug an fhianaise a bailíodh le fios easpa acmhainneachta na n-aeriompróirí chun sábháilteacht na n-oibríochtaí a áirithiú ar bhealach inbhuanaithe, agus neamhábaltacht CASAS maidir le comhlíonadh rialachán a áirithiú agus dearbhú sábháilteachta a athbhunú.

(63) I litir dar dáta an 11 Aibreán 2025, chuir an Coimisiún CASAS ar an eolas gur cuireadh cás Shuranam ar chlár oibre chruinniú Choiste Aersháibháilteachta an Aontais a bhí le tionól ón 13 go dtí an 15 Bealtaine 2025, agus go dtabharfaí an deis do CASAS agus do na haeriompróirí atá deimhnithe i Suranam araon éisteacht a fháil i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005. Ghlac Blue Wing Airlines agus Surinam Airways leis an gcuireadh teacht os comhair Choiste Aersháibháilteachta an Aontais.

(64) D'éist Coiste Aersháibháilteachta an Aontais le CASAS agus dhá aeriompróir an 14 Bealtaine 2025. I gcur i láthair CASAS do Choiste Aersháibháilteachta an Aontais, tugadh forbhreathnú ar an gcinneadh a rinne CASAS maidir le foinsí na n-easnamh atá mar bhonn faoi roinnt de na barúlacha a sainaithníodh, agus ar na bearta ceartaitheacha agus na sprioc-amanna chun aghaidh a thabhairt orthu. Díríodh go bunúsach sna bearta ceartaitheacha a cuireadh i láthair ar leasuithe ar an reachtaíocht eitlíochta náisiúnta, ar fheidhmeanna bainistíochta cáilíochta agus sábháilteachta a chur chun feidhme, ar an oiliúint is gá a chur ar an bhfoireann theicniúil, ar fheabhsuithe ar na feidhmeanna formhaoirseachta, agus ar phleananna earcaíochta chun príomhphoist bhainistíochta a líonadh agus ar fhoireann chigireachta bhreise.

(65) Agus béim á leagan aige ar an admháil a thug CASAS maidir leis an gcúis mhór imní a fuarthas leis an gcuairt mheasúnúcháin de chuid an Aontais ar an láthair i Suranam, chuir Coiste Aersháibháilteachta an Aontais i dtábhacht gur sainaithníodh roinnt de na heasnaimh sin cheana féin in iniúchtaí EESI de chuid an Chláir Uilíoch Iniúchóireachta ar Mhaoirseacht Aersháibháilteachta in 2009 agus 2012, gan aon dul chun cinn déanta chun aghaidh a thabhairt orthu idir an dá linn. Dá bhrí sin, tá ábhair imní fós ann cé acu is féidir nó nach féidir na bearta agus na spriocdhátaí atá beartaithe arna gcur i láthair ag CASAS a bhaint amach, in ainneoin léiriú toilteanais agus tiomantais feabhas a chur orthu, le tacaíocht ó iarrachtaí a rinne Rialtas Shuranam chun foinsí breise cistiúcháin a fháil le haghaidh CASAS.

(66) Deimhníodh an t-ábhar imní sin roinnt uaireanta le linn na héisteachta nuair nach raibh CASAS in ann fianaise a thabhairt ar bhearta coincréiteacha inchreidte chun aghaidh a thabhairt ar bharúlacha, amhail an easpa maidir le forfheidhmiú CASAS ar a aeriompróirí nuair a theipeann orthu arís agus arís eile aghaidh a thabhairt ar na neamh-chomhréireachtaí a ardaíodh ina n-aghaidh i gcomhréir leis na nósanna imeachta náisiúnta.

(67) Is gá feabhas mór a chur ar chumais CASAS chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh thábhachtacha sábháilteachta, is é sin sna réimsí maidir le hearcú, oiliúint agus cáilíocht na foirne, na gníomhaíochtaí deimhniúcháin i dtaca le bainistíocht cháilíochta agus sábháilteachta, agus formhaoirseacht ar na haeriompróirí uile atá deimhnithe i Suranam. Fianaise atá sna heasnaimh sin nach féidir le hacmhainneacht formhaoirseachta CASAS a áirithiú go ndéantar oibríochtaí na n-aeriompróirí uile atá deimhnithe aige go leanúnach i gcomhréir le caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta.

(68) Rinne a ionadaí tráchtála san Eoraip agus comhairleoir dlí ionadaíocht ar Blue Wing Airlines. Díríodh san idirghabháil a rinneadh le linn na héisteachta ar chur i láthair an aeriompróra agus a líonra oibríochtúil, ar thuiscint an iompróra ar chuspóir na cuairte measúnúcháin de chuid an Aontais ar an láthair agus ar an gcaoi ar bhain sí le Blue Wing Airlines, agus ar fhorbhreathnú ar mheasúnú sábháilteachta an iompróra féin agus ar na gníomhaíochtaí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sainaitheanta.

(69) Níor thug ionadaithe Blue Wing Airlines aghaidh, tráth ar bith sa chur i láthair, ar na heasnaimh thromchúiseacha a shainaithin foireann measúnaithe an Aontais, lena n-áirítear sna Rannáin Oibríochtaí Eitilte agus Cothabhála. Thairis sin, nuair a cheistigh Coiste Aersháibháilteachta an Aontais é maidir le saincheisteanna sonracha a bhaineann leis na barúlacha a sainaithníodh, ní raibh an t-aeriompróir in ann freagra a thabhairt ar bhunábhar na gceisteanna.

(70) Cé nach raibh Surinam Airways faoi réir cuairte le linn an mheasúnaithe de chuid an Aontais ar an láthair, ghlac sé leis an gcuireadh teacht os comhair Choiste Aersháibháilteachta an Aontais. Thug an t-aeriompróir cur i láthair inar leagadh amach imlíne, stair agus líonra oibríochtúil chuideachta an iompróra. Bhí cuid mhór dá chur i láthair dírithe ar ghnéithe a bhaineann le gníomhaíochtaí comhlíonta sábháilteachta an iompróra a chur i láthair, ó thaobh gníomhaíochtaí a rinneadh i gcomhar le CASAS agus le tríú páirtithe lena n-áirítear EASA i gcomhthéacs a údaraithe TCO. Cuireadh i dtábhacht sa chur i láthair freisin gníomhaíochtaí atá beartaithe chun feabhas a chur ar CBS agus CBC an iompróra.

(71) Chuir Coiste Aershábháilteachta an Aontais ceisteanna ar an iompróir faoina shocruithe oibríochtúla maidir lena oibríochtaí chuig críocha an Aontais agus uathu. Ceistíodh an t-iompróir freisin faoin obair leantach a rinne sé ar a bhfuair CASAS amach maidir le heaspa oiliúna is gá ar a phearsanra cothabhála.

(72) Chomhlánaigh EASA an fhaisnéis a chuir an t-aeriompróir ar fáil ó thaobh torthaí a fuarthas le linn iniúchadh TCO ar an láthair a rinneadh i gcomhthráth leis an gcuairt mheasúnúcháin de chuid an Aontais ar an láthair. Is éard a bhí i gceist leis sin torthaí a fuarthas i réimsí ar cheart do CASAS iad a shainaithint mar chuid dá ghníomhaíochtaí formhaoirseachta, agus atá cosúil le gníomhaíochtaí aerlínte eile ar thug foireann an Aontais cuairt orthu, ar léiriú é ar fhadhb athfhillteach CASAS maidir leis an bhformhaoirseacht ar a aeriompróirí.

(73) Ar bhonn na fianaise uile atá ar fáil, lena n-áirítear ón gcuairt mheasúnúcháin de chuid an Aontais ar an láthair ar CASAS agus ar thrí aeriompróir shampláilte, chomh maith leis an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil le linn éisteachtaí Choiste Aershábháilteachta an Aontais, ní mór teacht ar an gconclúid nach leor acmhainneacht agus cumas CASAS chun comhlíonadh na gcaighdeán sábháilteachta idirnáisiúnta a áirithiú ó thaobh formhaoirseacht éifeachtach ar aon cheann de na haeriompróirí a bhfuil sé freagrach astu.

(74) Aithníonn an Coimisiún agus Coiste Aershábháilteachta an Aontais, agus méid na bhfadhbanna á thabhairt dá n-aire ar gá aghaidh a thabhairt orthu, na hiarrachtaí a rinneadh agus molann siad do CASAS na hiarrachtaí sin a shaothrú. Tugann siad dá n-aire a thábhachtaí atá tiomantas Rialtas ina leith sin, agus chuir siad in iúl freisin go bhfuil siad tiomanta tacaíocht a thabhairt do CASAS agus dul i gcomhar leis maidir lena iarrachtaí.

(75) I gcomhréir leis na critéir chomhchoiteanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, meastar, dá bhrí sin, gur cheart liosta na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas a leasú chun na haeriompróirí uile atá deimhnithe i Suranam a áireamh in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006.

(76) Ba cheart do na Ballstáit leanúint d'fhíorú go bhfuil na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha á gcomhlíonadh go héifeachtach ag aeriompróirí atá deimhnithe i Suranam trí thosaíocht a thabhairt do na cigireachtaí rampa ar na haeriompróirí sin, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 965/2012.

Aeriompróirí ón Tansáin

(77) I mí na Nollag 2024, áiríodh an t-aeriompróir Air Tanzania Company Limited in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3137 ón gCoimisiún ([12]).

(78) Mar thoradh ar an bplé a rinne Coiste Aershábháilteachta an Aontais i mí na Samhna 2024, thug saineolaithe ón gCoimisiún, ón nGníomhaireacht agus ó na Ballstáit cuairt mheasúnúcháin de chuid an Aontais ar an láthair sa Tansáin ón 9 go dtí an 13 Nollaig 2024 ag Údarás Eitlíochta Sibhialta na Tansáine ('TCAA'). Mar chuid den chuairt mheasúnúcháin de chuid an Aontais ar an láthair, rinneadh measúnú samplach ar dhá aeriompróir atá deimhnithe sa Tansáin, is é sin Precision Air Services PLC ('Precision Air') agus Coastal Travels Limited ('Coastal Air').

(79) Díríodh gníomhaíochtaí na cuairte measúnúcháin de chuid an Aontais ar an láthair ar TCAA i bhfianaise a róil agus a fhreagrachta as gníomhaíochtaí maoirseachta aershábháilteachta na n-aeriompróirí atá deimhnithe sa Tansáin.

(80) Le linn na cuairte, sainaithníodh go bhfuil neamhéifeachtúlachtaí struchtúracha agus srianta acmhainneachta criticiúla ag TCAA, lena n-áirítear easpa cur chuige straitéiseach maidir le pleanáil acmhainní daonna, a bhfuil ganntanas pearsanra teicniúil cáilithe a bhfuil taithí acu i bpríomhréimsí formhaoirseachta mar thoradh air, go háirithe ceadúnú pearsanra, oibríochtaí eitilte, agus aeracmhainneacht.

(81) I réimse an cheadúnaithe pearsanra, sainaithníodh an gá le foireann a threisiú, go háirithe trí phearsanra a bhfuil taithí ábhartha roimhe sin acu a earcú. Thairis sin, ba cheart clár oiliúna struchtúrtha agus tréimhsiúil a bhunú agus a chur chun feidhme le haghaidh cigirí, lena n-ionchorpraítear ardmhodúil i mbainistíocht cháilíochta, in iniúchadh comhlíontachta agus in anailís ar an mbunchúis. Tá sé fíor-riachtanach freisin nósanna imeachta, seicliostaí agus foirmeacha atá cuimsitheach agus caighdeánaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun ceadúnais agus rátálacha a eisiúint.

([12]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3137 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 a mhéid a bhaineann le liosta d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú nó atá faoi réir srianta oibríochtúla laistigh den Aontas (IO L, 2024/3137, 16.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3137/oj).

(82) Sa réimse oibríochtaí eitilte, níor léirigh TCAA go bhfuil córas éifeachtach láidir ann chun a fhreagrachtaí rialála a chomhlíonadh i gcomhréir le caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta. Leanadh leis sin toisc go bhfuarthas nach raibh déine leordhóthanach ag baint leis na próisis deimhniúcháin d'aeriompróirí, agus nár pleanáladh gníomhaíochtaí formhaoirseachta ná iad a chur i gcrích go leormhaith, rud a d'fhág go raibh bearnaí móra formhaoirseachta ann. Thairis sin, ní raibh líon iomchuí cigirí láncháilithe in TCAA agus bhí gá le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar inniúlachtaí an phearsanra atá ann cheana.

(83) Sa réimse aeracmhainneachta, ní chomhlíonann na nósanna imeachta a chuireann TCAA i bhfeidhm na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta, rud a fhágann nach bhfuil an fheidhmíocht formhaoirseachta leormhaith agus gur cúis imní iad maidir le cur i bhfeidhm comhsheasmhach na gceanglas sábháilteachta. Eisíodh deimhnithe aeracmhainneachta gan dearbhú leordhóthanach go gcomhlíonann an t-aerárthach i gceist na critéir is infheidhme maidir le dearadh agus aeracmhainneacht.

(84) Thug foireann measúnaithe an Aontais cuairt ar an láthair ag Precision Air an 11 Nollaig 2024.

(85) Leis an measúnú ar Precision Air, sainaithníodh roinnt easnamh maidir lena CBS agus CBC a chur chun feidhme. Go háirithe, níor comhtháthaíodh cuspóirí sábháilteachta go leormhaith sa Lámhleabhar Bainistíochta Sábháilteachta ('SMM'), agus níor leor an faireachán ar Tháscairí Feidhmíochta Sábháilteachta agus ar Spriocanna Feidhmíochta Sábháilteachta. Léirigh Faireachán ar Shonraí Eitilte freisin go raibh dialltaí athfhillteacha ó Nósanna Imeachta Oibríochta Caighdeánacha ann, rud a thugann saincheisteanna sistéamacha maidir le comhlíonadh le fios.

(86) Cé go bhfuarthas go raibh struchtúr agus feidhmiú foriomlán na heagraíochta cothabhála agus aeracmhainneachta sásúil, tugadh bearnaí móra faoi deara sa chlár oiliúna don fhoireann eitilte, lena n-áirítear easpa teagasc teoiriciúil iomlán agus modúil fhíor-riachtanacha amhail Oiliúint um Shuaitheadh a Chosc agus Téarnamh Uaidh.

(87) Thug foireann measúnaithe an Aontais cuairt ar an láthair ag Coastal Air an 12 Nollaig 2024.

(88) Le measúnú ar CBS agus CBC de chuid Coastal Air, sainaithníodh réimsí substaintiúla ar gá feabhas a chur orthu chun comhlíonadh reachtaíocht náisiúnta na Tansáine agus comhlíonadh caighdeán sábháilteachta idirnáisiúnta a áirithiú.

(89) Le linn na cuairte, ní raibh Coastal Air in ann comhlíonadh a nósanna imeachta agus a lámhleabhar féin a léiriú, agus tugadh easnaimh faoi deara maidir le doiciméadacht, formheas agus faireachán inmheánach an iompróra ar chomhlíonadh i réimsí éagsúla, amhail pribhléidí eagraíochtúla, logaí, lámhleabhair, taifid agus caighdeáin oiliúna.

(90) Le measúnú ar chórais chothabhála agus bainistíochta aeracmhainneachta leanúnaí de chuid Coastal Air, léiríodh go raibh roinnt easnaimh criticiúla ann a bhfuil impleachtaí díreacha acu maidir le sábháilteacht eitilte agus comhlíonadh rialála. Thairis sin, mar thoradh ar earráidí ionchuir sonraí sa chóras faireacháin aeracmhainneachta, bhí eatraimh sceidealaithe chothabhála mhíchearta ann, rud a bhain an bonn ó iontaofacht agus sláine an rianaithe cothabhála.

(91) Thug líon agus cineál na n-easnamh a sainaithníodh le linn na cuairte laigí sistéamacha le fios maidir le feidhm inmheánach faireacháin de chuid Coastal Air ar chomhlíonadh agus maidir le gníomhaíochtaí formhaoirseachta TCAA araon. Go sonrach, ba cheart go leor de na heasnaimh a sainaithníodh le linn an phróisis deimhniúcháin a bheith braite, trí ghníomhaíochtaí formhaoirseachta tráthrialta, nó trí shásraí dearbhaithe sábháilteachta an aeriompróra féin.

(92) Leis an gcuairt mheasúnúcháin de chuid an Aontais ar an láthair, léiríodh go bhfuil creat dlíthiúil bunaithe ag an Tansáin lena rialaítear an eitlíocht shibhialta, ach tá dúshláin mhóra roimh an gcóras rialála maidir le beachtas dlíthiúil, cur chun feidhme éifeachtach agus oiriúnú tráthúil do na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta atá ag athrú, rud a fhágann go bhfuil mí-ailínithe dlíthiúla agus oibríochtúla ann a bhaineann an bonn d'acmhainneacht na Tansáine a hoibleagáidí a chomhlíonadh go hiomlán faoin gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta (Coinbhinsiún Chicago). Rinneadh na barúlacha a d'eascair as an gcuairt mheasúnúcháin de chuid an Aontais ar an láthair a ionchorprú i dtuarascáil a cuireadh faoi bhráid TCAA agus a chomhaontaigh TCAA.

(93) An 30 Aibreán 2025, mar chuid d'fhaireachán leanúnach an Choimisiúin ar an staid sábháilteachta foriomlán sa Tansáin, tionóladh cruinniú teicniúil ina raibh an Coimisiún, an Ghníomhaireacht, na Ballstáit agus TCAA rannpháirteach. Bhí dhá chuspóir ag baint leis an gcruinniú: athbhreithniú a dhéanamh ar an PGC a forbraíodh mar fhreagairt ar an gcuairt mheasúnúcháin de chuid an Aontais ar an láthair, agus TCAA a chur ar an eolas maidir leis na hullmhúcháin le haghaidh na héisteachta de chuid Choiste Aersábháilteachta an Aontais atá le teacht agus atá sceidealaithe don 13 Bealtaine 2025.

(94) Cuireadh leaganacha éagsúla de PGC ar fáil roimh an gcruinniú teicniúil agus ina dhiaidh. Léiríodh sa leagan a cuireadh ar fáil lena phlé le linn an chruinnithe theicniúil iarrachtaí TCAA aghaidh a thabhairt ar na barúlacha a rinneadh le linn na cuairte measúnúcháin de chuid an Aontais ar an láthair. Mar sin féin, sainaithníodh sa phlé a rinneadh ina dhiaidh sin roinnt teipeanna móra maidir leis na gníomhaíochtaí a rinne TCAA, go háirithe an mhainneachtain anailís chríochnúil a dhéanamh ar an mbunchúis chun saincheisteanna sistéamacha foluiteacha a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu, easpa doiciméadachta leormhaithe chun tacú le gníomhaíochtaí ceartaitheacha tuairiscithe, agus neamhchomhlíonadh leanúnach na gceanglas sábháilteachta eitlíochta is infheidhme.

(95) Tugadh faoi deara go sonrach aighneacht TCAA i gcoibhneas le ríomh na riachtanas lucht saothair laistigh den réimse oibríochtaí eitilte, a measadh a bheith neamhréalaíoch maidir le huaireanta an chloig measta a leithdháileadh ar phríomhghníomhaíochtaí, amhail bunchigireachtaí AOC a ullmhú nó obair leantach ar thorthaí cigireachta. Léiríodh i leagan athbhreithnithe de PGC a cuireadh ar fáil ina dhiaidh sin feabhas dealraitheach maidir le cinneadh níos réalaíche ar an líon cigirí a bhfuil gá leo, ach bhí easpa anailíse ann fós i dtaca leis na riachtanais oiliúna ghaolmhara agus an t-am is gá chun oiliúint a chur i gcrích sula mbeadh an fhoireann ábalta dul i mbun oibre.

(96) Deimhníodh sa chruinniú teicniúil go raibh easnaimh mhóra ann fós, cé go raibh dul chun cinn áirithe déanta ag TCAA chun aghaidh a thabhairt ar na barúlacha a sainaithníodh, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí tacaíochta teicniúla láithreacha a seoladh go pras tar éis na cuairte mheasúnúcháin de chuid an Aontais ar an láthair. Fuarthas go raibh roinnt de na gníomhaíochtaí a áiríodh in PGC a chuir TCAA isteach frithghníomhach, agus nach raibh bearta coisctheacha fóinteacha acu. I gcás inar áiríodh bearta den sórt sin, bhí siad fánach den chuid is mó agus theip orthu dearbhú inchreidte a thabhairt ó thaobh na hinbhuanaitheachta de.

(97) I litir dar dáta an 14 Aibreán 2025, chuir an Coimisiún TCAA ar an eolas gur cuireadh cás na Tansáine ar chlár oibre chruinniú Choiste Aersháibháilteachta an Aontais a bhí le tionól ón 13 go dtí an 15 Bealtaine 2025, agus go dtabharfaí an deis do TCAA agus do na haeriompróirí atá deimhnithe sa Tansáin araon éisteacht a fháil os comhair Choiste Aersháibháilteachta an Aontais i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005.

(98) In oirchill na héisteachta, dheimhnigh TCAA nach nglacfadh aon aeriompróir atá deimhnithe sa Tansáin páirt. D'éist Coiste Aersháibháilteachta an Aontais le TCAA an 13 Bealtaine 2025. Le cur i láthair TCAA do Choiste Aersháibháilteachta an Aontais, tugadh forbhreathnú ardleibhéil ar an dul chun cinn atá déanta aige maidir le PGC a fhorbairt agus a chur chun feidhme tar éis na cuairte measúnúcháin de chuid an Aontais ar an láthair. Bhí an cur i láthair dea-struchtúrtha agus cumhdaíodh leis na príomhchatagóirí barúlacha agus moltaí, lena dtugtar forbhreathnú TCAA ar cé na barúlacha agus na moltaí a tugadh chun críche, atá fós ar siúl, nó atá fós oscailte.

(99) Measadh go raibh ráta dúnta tuairiscithe maidir le torthaí, mar a chuir TCAA i láthair é, thar a bheith neamhréalaíoch, mar is léir ón bhfíoras gur measadh i roinnt cásanna gur tugadh barúlacha chun críche gan fíorú leormhaith gur comhlíonadh méid iomlán na barúla. Bhain sampla amháin de sin leis an easpa foirne cáilithe, agus chuir TCAA i láthair gur réitíodh é sin bunaithe ar phleananna agus amlínte maidir le hearcú amháin gan an t-am is gá chun oiliúint agus cáilíocht ábhartha a chur san áireamh chun go mbeadh an fhoireann ábalta dul i mbun oibre.

(100) I gcás roinnt barúlacha eile, thug TCAA le fios go raibh sé in ann iad a thabhairt chun críche. Mar sin féin, ar cheistiú ó Choiste Aersháibháilteachta an Aontais, léiríodh arís agus arís eile nárbh amhlaidh an cás. Nuair a ceistíodh é faoin nós imeachta um Dheimhniú Aeracmhainneachta agus faoin seicliosta a ndearna athbhreithniú air chun Doiciméad 9760 de chuid EESI a chomhlíonadh, bhí freagra TCAA neamhchonclúideach agus ní raibh sé in ann fianaise shoiléir a thabhairt gur cuireadh an tasc i gcrích. Chomh maith leis sin, nuair a ceistíodh é faoin bpróiseas formhaoirseachta rioscabhunaithe a glacadh le déanaí, go sonrach maidir le hinneachar agus cur i bhfeidhm próifílí riosca aeriompróirí, ní raibh freagra TCAA soiléir agus níor léirigh sé tuiscint mhaith ná cur chun feidhme éifeachtach na bprionsabal formhaoirseachta rioscabhunaithe.

(101) Aithníonn an Coimisiún agus Coiste Aersháibháilteachta an Aontais na hiarrachtaí a rinneadh, ó thaobh acmhainní daonna agus airgeadais a shlógadh de, agus molann siad do TCAA leanúint de na hiarrachtaí sin. Cuireann siad i dtábhacht a thábhachtaí atá tiomantas Rialtas na Tansáine ina leith sin. Cuireann siad tiomantas soiléir in iúl leanúint de thacaíocht a thabhairt do TCAA agus dul i gcomhar leis maidir lena iarrachtaí feabhas a chur ar a chumais maoirseachta aersháibháilteachta. Tá coinne le teagmháil thráthrialta agus tuarascálacha ar dhul chun cinn mar chuid den ghníomhaíocht faireacháin leanúnaigh, chomh maith le heagrúchán cruinnithe teicniúla amach anseo chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh.

(102) Ar bhonn na fianaise uile atá ar fáil, lena n-áirítear an measúnú de chuid an Aontais ar an láthair, thángthas ar an gconclúid nach bhfuil an acmhainneacht ná an cumas is gá ag TCAA chun formhaoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí eitlíochta sa Tansáin i gcomhréir le caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta. Léiríonn easnaimh maidir le bainistíocht pearsanra, oiliúint foirne, bainistíocht cháilíochta, próisis deimhniúcháin, agus formhaoirseacht aeriompróirí nach bhfuil TCAA in ann comhlíonadh marthanach na gcaighdeán sin a áirithiú.

(103) I gcomhréir leis na critéir chomhchoiteanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, meastar, dá bhrí sin, gur cheart liosta na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas a leasú chun na haeriompróirí uile atá deimhnithe sa Tansáin a áireamh in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006.

(104) Ba cheart do na Ballstáit leanúint d'fhíorú go bhfuil na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha á gcomhlíonadh go héifeachtach ag aeriompróirí atá deimhnithe sa Tansáin trí thosaíocht a thabhairt do na cigireachtaí rampa ar na haeriompróirí sin, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 965/2012.

(105) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 a leasú dá réir sin.

(106) Aithnítear le hAirteagail 5 agus 6 de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 an gá le cinntí a dhéanamh go tapa agus, i gcás inarb iomchuí, go práinneach, i bhfianaise na n-impleachtaí sábháilteachta. Dá bharr sin, tá sé fíor-riachtanach, ar mhaithe le faisnéis íogair agus na daoine a thaistealaíonn a chosaint, go mbeidh feidhm láithreach ag aon chinneadh tar éis a ghlactha i ndáil leis an liosta d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc nó srian ar a n-oibriú laistigh den Aontas a thabhairt cothrom le dáta.

(107) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ó Choiste Aersháblháilteachta an Aontais,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 474/2006 mar a leanas:

(1) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn A;

(2) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn B.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Meitheamh 2025.

Thar ceann an Choimisiúin,
Thar ceann an Uachtaráin,
Apostolos TZITZIKOSTAS
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN I

'IARSCRÍBHINN A

LIOSTA NA nAERIOMPRÓIRÍ A BHFUIL TOIRMEASC AR A nOIBRIÚ LAISTIGH DEN AONTAS, MAILLE LE hEISCEACHTAÍ [1]

Ainm eintiteas dlítheanach an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Deimhnithe Aeroibreora ("AOC") nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta	Sainitheoir trí litir EESI	Stát an Oibreora
AIR ZIMBABWE (PVT)	177/04	AZW	An tSiombáib
AVIOR AIRLINES	ROI-RNR-011	ROI	Veiniséala
IRAN ASEMAN AIRLINES	FS-102	IRC	An Iaráin
FLY BAGHDAD	007	FBA	An Iaráic
IRAQI AIRWAYS	001	IAW	An Iaráic
Na haeriompróirí uile atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht orthu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an Afganastáin, lena n-áirítear			**An Afganastáin**
ARIANA AFGHAN AIRLINES	AOC 009	AFG	An Afganastáin
KAM AIR	AOC 001	KMF	An Afganastáin
Na haeriompróirí uile atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht orthu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar Angóla, cé is moite de TAAG Angola Airlines agus Heli Malongo, lena n-áirítear			**Angóla**
AEROJET	AO-008/11-07/17 TEJ	TEJ	Angóla
GUICANGO	AO-009/11-06/17 YYY	Ní fios	Angóla
AIR JET	AO-006/11-08/18 MBC	MBC	Angóla
BESTFLYA AIRCRAFT MANAGEMENT	AO-015/15-06/17YYY	Ní fios	Angóla
HELIANG	AO 007/11-08/18 YYY	Ní fios	Angóla
SJL	AO-014/13-08/18YYY	Ní fios	Angóla
SONAIR	AO-002/11-08/17 SOR	SOR	Angóla
Na haeriompróirí uile atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht orthu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an Airméin, lena n-áirítear			**An Airméin**
AIR DILIJANS	AM AOC 065	NGT	An Airméin
ARMENIAN AIRLINES	AM AOC 076	AAG	An Airméin
ARMENIA AIRWAYS	AM AOC 063	AMW	An Airméin

[1] D'fhéadfaí cead a thabhairt d'aeriompróirí a liostaítear san Iarscríbhinn seo cearta tráchta a fheidhmiú trí aerárthaí léasa fhliuch ó aeriompróir nach bhfuil faoi réir toirmeasc ar a oibriú a úsáid, ar choinníoll go gcomhlíonfar na caighdeáin sábháilteachta ábhartha.

Ainm eintiteas dlítheanach an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Deimhnithe Aeroibreora ("AOC") nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta	Sainitheoir trí litir EESI	Stát an Oibreora
ARMENIAN HELICOPTERS	AM AOC 067	KAV	An Airméin
FLY ARNA	AM AOC 075	ACY	An Airméin
FLYONE ARMENIA	AM AOC 074	FIE	An Airméin
NOVAIR	AM AOC 071	NAI	An Airméin
SHIRAK AVIA	AM AOC 072	SHS	An Airméin
SKYBALL	AM AOC 073	N/B	An Airméin
Na haeriompróirí uile atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht orthu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an gCongó (Brazzaville), lena n-áirítear			**An Congó (Brazzaville)**
CANADIAN AIRWAYS CONGO	CG-CTA 006	TWC	An Congó (Brazzaville)
EQUAFLIGHT SERVICES	CG-CTA 002	EKA	An Congó (Brazzaville)
EQUAJET	RAC06-007	EKJ	An Congó (Brazzaville)
TRANS AIR CONGO	CG-CTA 001	TSG	An Congó (Brazzaville)
SOCIETE NOUVELLE AIR CONGO	CG-CTA 004	Ní fios	An Congó (Brazzaville)
Na haeriompróirí uile atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht orthu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC), lena n-áirítear			**Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)**
AB BUSINESS	AAC/DG/OPS-09/14	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
AIR FAST CONGO	AAC/DG/OPS-09/03	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
AIR KASAI	AAC/DG/OPS-09/11	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
AIR KATANGA	AAC/DG/OPS-09/08	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
BUSY BEE CONGO	AAC/DG/OPS-09/04	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
COMPAGNIE AFRICAINE D'AVIATION (CAA)	AAC/DG/OPS-09/02	DBP	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)

Ainm eintiteas dlítheanach an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Deimhnithe Aeroibreora ("AOC") nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta	Sainitheoir trí litir EESI	Stát an Oibreora
CONGO AIRWAYS	AAC/DG/OPS-09/01	COG	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
GOMA EXPRESS	AAC/DG/OPS-09/13	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
KIN AVIA	AAC/DG/OPS-09/10	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
MALU AVIATION	AAC/DG/OPS-09/05	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
SERVE AIR CARGO	AAC/DG/OPS-09/07	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
SWALA AVIATION	AAC/DG/OPS-09/06	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
TRACEP CONGO AVIATION	AAC/DG/OPS-09/15	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
Na haeriompróirí uile atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht orthu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar Djibouti, lena n-áirítear			**Djibouti**
DAALLO AIRLINES	Ní fios	DAO	Djibouti
Na haeriompróirí uile atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht orthu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an nGuine Mheánchiorclach, lena n-áirítear			**An Ghuine Mheánchiorclach**
CEIBA INTERCONTINENTAL	2011/0001/MTTCT/DGAC/SOPS	CEL	An Ghuine Mheánchiorclach
CRONOS AIRLINES	2011/0004/MTTCT/DGAC/SOPS	Ní fios	An Ghuine Mheánchiorclach
Na haeriompróirí uile atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht orthu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an Eiritré, lena n-áirítear			**An Eiritré**
ERITREAN AIRLINES	AOC Uimh. 004	ERT	An Eiritré
NASAIR ERITREA	AOC Uimh. 005	NAS	An Eiritré
Na haeriompróirí uile atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht orthu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an gCirgeastáin, lena n-áirítear			**An Chirgeastáin**
AERO NOMAD AIRLINES	57	ANK	An Chirgeastáin
AEROSTAN	08	BSC	An Chirgeastáin

Ainm eintiteas dlítheanach an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Deimhnithe Aeroibreora ("AOC") nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta	Sainitheoir trí litir EESI	Stát an Oibreora
AIR COMPANY AIR KG	50	KGC	An Chirgeastáin
AIRCOMPANY MOALEM AVIATION	56	AMA	An Chirgeastáin
AVIA TRAFFIC COMPANY	23	AVJ	An Chirgeastáin
CENTRAL ASIAN AVIATION SERVICES	58	KAS	An Chirgeastáin
FLYSKY AIRLINES	53	FSQ	An Chirgeastáin
GLOBAL 8 AIRLINES	59	Ní fios	An Chirgeastáin
HELI SKY	47	HAC	An Chirgeastáin
KAP.KG AIRCOMPANY	52	KGS	An Chirgeastáin
MAC.KG AIRLINES	61	MSK	An Chirgeastáin
SAPSAN AIRLINE	54	KGB	An Chirgeastáin
SKY JET	60	SJL	An Chirgeastáin
SKY KG AIRLINES	41	KGK	An Chirgeastáin
TRANS CARAVAN KG	55	TCK	An Chirgeastáin
TEZ JET	46	TEZ	An Chirgeastáin
Na haeriompróirí uile atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht orthu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an Libéir.			**An Libéir**
Na haeriompróirí uile atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht orthu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an Libia, lena n-áirítear			**An Libia**
AFRIQIYAH AIRWAYS	007/01	AAW	An Libia
AIR LIBYA	004/01	TLR	An Libia
AL MAHA AVIATION	030/18	Ní fios	An Libia
BERNIQ AIRWAYS	032/21	BNL	An Libia
BURAQ AIR	002/01	BRQ	An Libia
GLOBAL AIR TRANSPORT	008/05	GAK	An Libia
HALA AIRLINES	033/21	HTP	An Libia
LIBYAN AIRLINES	001/01	LAA	An Libia
LIBYAN WINGS AIRLINES	029/15	LWA	An Libia
PETRO AIR	025/08	PEO	An Libia
Na haeriompróirí uile atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht orthu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar Neipeal, lena n-áirítear			**Neipeal**
AIR DYNASTY HELI. S.	035/2001	Ní fios	Neipeal
ALTITUDE AIR	085/2016	Ní fios	Neipeal

Ainm eintiteas dlítheanach an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Deimhnithe Aeroibreora ("AOC") nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta	Sainitheoir trí litir EESI	Stát an Oibreora
BUDDHA AIR	014/1996	BHA	Neipeal
FISHTAIL AIR	017/2001	Ní fios	Neipeal
SUMMIT AIR	064/2010	Ní fios	Neipeal
HELI EVEREST	086/2016	Ní fios	Neipeal
HIMALAYA AIRLINES	084/2015	HIM	Neipeal
KAILASH HELICOPTER SERVICES	087/2018	Ní fios	Neipeal
MAKALU AIR	057A/2009	Ní fios	Neipeal
MANANG AIR PVT	082/2014	Ní fios	Neipeal
MOUNTAIN HELICOPTERS	055/2009	Ní fios	Neipeal
PRABHU HELICOPTERS	081/2013	Ní fios	Neipeal
NEAPAL AIRLINES CORPORATION	003/2000	RNA	Neipeal
SAURYA AIRLINES	083/2014	Ní fios	Neipeal
SHREE AIRLINES	030/2002	SHA	Neipeal
SIMRIK AIR	034/2000	Ní fios	Neipeal
SIMRIK AIRLINES	052/2009	RMK	Neipeal
SITA AIR	033/2000	Ní fios	Neipeal
TARA AIR	053/2009	Ní fios	Neipeal
YETI AIRLINES	037/2004	NYT	Neipeal
Na haeriompróirí seo a leanas atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht orthu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an Rúis			**An Rúis**
AURORA AIRLINES	486	SHU	An Rúis
AVIACOMPANY 'AVIASTAR-TU' CO. LTD	458	TUP	An Rúis
IZHAVIA	479	IZA	An Rúis
CUIDEACHTA COMHSTOIC 'AIR COMPANY 'YAKUTIA"	464	SYL	An Rúis
CUIDEACHTA COMHSTOIC 'RUSJET'	498	RSJ	An Rúis
CUIDEACHTA COMHSTOIC 'UVT AERO'	567	UVT	An Rúis
CUIDEACHTA COMHSTOIC SIBERIA AIRLINES	31	SBI	An Rúis
CUIDEACHTA COMHSTOIC SMARTAVIA AIRLINES	466	AUL	An Rúis
CUIDEACHTA COMHSTOIC 'IRAERO' AIRLINES	480	IAE	An Rúis

Ainm eintiteas dlítheanach an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Deimhnithe Aeroibreora ("AOC") nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta	Sainitheoir trí litir EESI	Stát an Oibreora
CUIDEACHTA COMHSTOIC 'URAL AIRLINES'	18	SVR	An Rúis
CUIDEACHTA COMHSTOIC ALROSA AIR COMPANY	230	DRU	An Rúis
CUIDEACHTA COMHSTOIC NORDSTAR AIRLINES	452	TYA	An Rúis
JS AVIATION COMPANY 'RUSLINE'	225	RLU	An Rúis
JSC YAMAL AIRLINES	142	LLM	An Rúis
LLC 'NORD WIND'	516	NWS	An Rúis
LLC 'AIRCOMPANY IKAR'	36	KAR	An Rúis
LTD. I FLY	533	RSY	An Rúis
POBEDA AIRLINES CUIDEACHTA THEOREANTA	562	PBD	An Rúis
CUIDEACHTA COMHSTOIC PHOIBLÍ 'AEROFLOT - RUSSIAN AIRLINES'	1	AFL	An Rúis
ROSSIYA AIRLINES, CUIDEACHTA COMHSTOIC	2	SDM	An Rúis
SKOL AIRLINE LLC	228	CDV	An Rúis
UTAIR AVIATION, CUIDEACHTA COMHSTOIC	6	UTA	An Rúis
Na haeriompróirí uile atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht orthu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar São Tomé agus Príncipe, lena n-áirítear			**São Tomé agus Príncipe**
STP AIRWAYS	03/AOC/2006	STP	São Tomé agus Príncipe
Na haeriompróirí uile atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht orthu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar Shiarra Leon			**Siarra Leon**
Na haeriompróirí uile atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht orthu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an tSúdáin, lena n-áirítear			**An tSúdáin**
ALFA AIRLINES SD	54	AAJ	An tSúdáin
BADR AIRLINES	35	BDR	An tSúdáin
BLUE BIRD AVIATION	11	BLB	An tSúdáin
ELDINDER AVIATION	8	DND	An tSúdáin
GREEN FLAG AVIATION	17	GNF	An tSúdáin
HELEJETIC AIR	57	HJT	An tSúdáin
KATA AIR TRANSPORT	9	KTV	An tSúdáin

Ainm eintiteas dlítheanach an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Deimhnithe Aeroibreora ("AOC") nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta	Sainitheoir trí litir EESI	Stát an Oibreora
KUSH AVIATION CO.	60	KUH	An tSúdáin
NOVA AIRWAYS	46	NOV	An tSúdáin
SUDAN AIRWAYS CO.	1	SUD	An tSúdáin
SUN AIR	51	SNR	An tSúdáin
TARCO AIR	56	TRQ	An tSúdáin
Na haeriompróirí uile atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht orthu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an tSúdáin, lena n-áirítear			**Suranam**
BLUE WING AIRLINES N.V.	SR/BWA-02/2010	BWI	Suranam
FLY ALL WAYS N.V.	SR/FAW-06-2015	EDR	Suranam
GUM AIR N.V.	SR/GUM-03-2010	GUM	Suranam
SAMAVCO N.V. (VORTEX AIR SERVICES)	SR/VORTEX-9-2019	Ní fios	Suranam
STICHTING MISSION AVIATION FELLOWSHIP SURINAME (STICHTING MAF SURINAME)	SR/MAF-07-2017	Ní fios	Suranam
SURINAAMSE LUCHTVAART MAATSCHAPPIJ N.V. (SURINAM AIRWAYS)	SR/SLM-01-2010	SLM	Suranam
UNITED AVIATION SERVICES N.V.	SR/UAS-8-2019	Ní fios	Suranam
BADJAS CARGO N.V.	SR/BAC-11-2023	Ní fios	Suranam
Na haeriompróirí uile atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht orthu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an Tansáin, lena n-áirítear			**An Tansáin**
ADVENTURE ALOFT	TCAA/AOC/043	Ní fios	An Tansáin
AFRICAN SKYDIVE ADVENTURES LTD	TCAA/AOC/079	Ní fios	An Tansáin
AIR EXCEL LTD	TCAA/AOC/028	XLL	An Tansáin
AIR TANZANIA CO. LTD	TCAA/AOC/001	Ní fios	An Tansáin
ARUSHA MEDIVAC LTD.	TCAA/AOC/071	Ní fios	An Tansáin
AS SALAAM AIR LTD.	TCAA/AOC/051	Ní fios	An Tansáin
AURIC AIR SERVICES LTD.	TCAA/AOC/022	AUK	An Tansáin
COASTAL TRAVELS LTD	TCAA/AOC/004	CSV	An Tansáin
CROPCAIR AVIATION (T) LIMITED	TCAA/AOC/	Ní fios	An Tansáin
EVERETT AVIATION LIMITED	TCAA/AOC/042	EVT	An Tansáin

Ainm eintiteas dlítheanach an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Deimhnithe Aeroibreora ("AOC") nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta	Sainitheoir trí litir EESI	Stát an Oibreora
FLIGHT LINK LIMITED	TCAA/AOC/025	FLZ	An Tansáin
FLY SAFARI AIRLINK	TCAA/AOC/047	Ní fios	An Tansáin
FLY ZANZIBAR (Z) LTD	TCAA/AOC/058	Ní fios	An Tansáin
GRUMETI AIR LTD	TCAA/AOC/068	Ní fios	An Tansáin
JAMBO AVIATION LTD.	TCAA/AOC/070	Ní fios	An Tansáin
KILIMEDI AIR AVIATION CO. LTD	TCAA/AOC/	Ní fios	An Tansáin
LEVEL UP AVIATION LTD.	TCAA/AOC/076	Ní fios	An Tansáin
MIRACLE EXPERIENCE (T) LTD	TCAA/AOC/066	Ní fios	An Tansáin
MISSION AVIATION FELLOWSHIP (MAF)	TCAA/AOC/008	Ní fios	An Tansáin
MY FLY AVIATION CO. LTD	TCAA/AOC/072	Ní fios	An Tansáin
NYSSA BALOON SAFARIS	TCAA/AOC/078	Ní fios	An Tansáin
PELICAN AVIATION AND TOURS LTD	TCAA/AOC/	Ní fios	An Tansáin
PRECISION AIR SERVICES	TCAA/AOC/003	PRF	An Tansáin
REGIONAL AIR SERVICES LTD	TCAA/AOC/010	REG	An Tansáin
SAFARI PLUS LTD	TCAA/AOC/046	Ní fios	An Tansáin
SERENGETI BALLONS	TCAA/AOC/029	Ní fios	An Tansáin
SHINE AVIATION LTD	TCAA/AOC/061	Ní fios	An Tansáin
SHINE BALOONS SAFARIS	TCAA/AOC/083	Ní fios	An Tansáin
STATE AVIATION LTD	TCAA/AOC/081	Ní fios	An Tansáin
TANZANIAN AIR SERVICES	TCAA/AOC/002	Ní fios	An Tansáin
TROPIC HELICOPTERS LTD	TCAA/AOC/077	Ní fios	An Tansáin
TROPICAL AIR SERVICES	TCAA/AOC/006	Ní fios	An Tansáin
UNITY AIR	TCAA/AOC/075	Ní fios	An Tansáin
ZANTAS AIR SERVICES	TCAA/AOC/018	Ní fios	An Tansáin'

IARSCRÍBHINN II

'IARSCRÍBHINN B

LIOSTA NA nAERIOMPRÓIRÍ ATÁ FAOI RÉIR SRIANTA OIBRÍOCHTÚLA LAISTIGH DEN AONTAS [1]

Ainm eintiteas dlítheanach an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Deimhnithe Aeroibreora (AOC)	Sainitheoir trí litir EESI	Stát an Oibreora	Cineál aerárthaigh a bhfuil srian air	Cláruimhir nó cláruimhreacha agus, má tá a leithéid ann, sraithuimhir nó sraithuimhreacha déantúis an aerárthaigh a bhfuil srian air	Stát an chláraithe
IRAN AIR	IR.AOC.100	IRA	An Iaráin	Na haerárthaí uile den chineál Fokker F100 agus den chineál Boeing B747	Aerárthaí den chineál Fokker F100 mar a luaitear ar an AOC; Aerárthaí den chineál Boeing B747 mar a luaitear ar an AOC	An Iaráin
AIR KORYO	GAC-AOC/KOR-01	KOR	Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré	An flít ar fad, cé is moite de: 2 aerárthach den chineál TU- 204.	An flít ar fad, cé is moite de: P-632, P-633.	Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré'

[1] D'fhéadfaí cead a thabhairt d'aeriompróirí a liostaítear san Iarscríbhinn seo cearta tráchta a fheidhmiú trí aerárthaí léasa fhliuch ó aeriompróir nach bhfuil faoi réir toirmeasc ar a oibriú a úsáid, ar choinníoll go gcomhlíonfar na caighdeáin sábháilteachta ábhartha.